Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Márta 2022**
**(OR. en)**

**6752/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0040(NLE)**

**FISC 54**
**ECOFIN 173**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Feabhra 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 58 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 lena n-údaraítear don Pholainn beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 58 final.

Faoi iamh: COM(2022) 58 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.2.2022
COM(2022) 58 final

2022/0040 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 lena n-údaraítear don Pholainn beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (dá ngairtear'an Treoir maidir le CBL' anseo feasta), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d'aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bhailiú cánach breisluacha a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc.

I gcomhréir le hAirteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle[1], chuir an Pholainn tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir lena thionchar foriomlán ar leibhéal na calaoise CBL agus ar na daoine inchánach lena mbaineann an 29 Aibreán 2021 agus cláraíodh í an 5 Bealtaine 2021.

Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 26 Iúil 2021, d'iarr an Pholainn údarú chun leanúint de mhaolú ar Airteagal 226 den Treoir maidir le CBL maidir le ceanglais sonrascaithe cánach breisluacha (CBL) agus an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte a thabhairt isteach le haghaidh soláthairtí earraí agus seirbhísí atá soghabhálach i leith na calaoise a chumhdaítear go ginearálta leis an sásra aistrithe táillí agus leis an dliteanas comhpháirteach agus leithleach sa Pholainn. I gcomhréir le hAirteagal 395(2) den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 27 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an iarraidh a rinne an Pholainn. Le litir dar dáta an 28 Deireadh Fómhair 2021, thug an Coimisiún fógra don Pholainn go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Thug an Pholainn isteach an sásra roghnach um íocaíocht dheighilte an 1 Iúil 2018. Tar éis Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle, thug an Pholainn isteach an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte i ndáil le cáin bhreisluacha a íoc le haghaidh soláthairtí áirithe earraí agus seirbhísí atá soghabhálach i leith na calaoise. Tá an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte bunaithe ar na prionsabail chéanna leis an sásra roghnach um íocaíocht dheighilte. Is ann don dá shamhail de shásra um íocaíocht dheighilte (i.e. roghnach agus éigeantach) go comhuaineach, agus is iondúil go bhforlíonann siad a chéile. Tugann an méid sin le fios go bhfuil an dá shamhail bunaithe ar an gcóras céanna cuntas bainc agus go dtagraíonn siad d'idirbhearta idir gnólachtaí (gnólacht le gnólacht) i gcás ina ndéantar an íocaíocht trí aistriú bainc leictreonach. I gcás ina ndéanann duine inchánach soláthairtí laistigh de raon feidhme na bhforálacha íocaíochta deighilte, tá sé d'oibleagáid orthu cuntas CBL blocáilte ar leith a bheith acu sa bhreis ar a ghnáthchuntas bainc. Gníomhóidh an banc mar ghníomhaire deighilte agus déanfaidh sé na gníomhaíochtaí agus é d'aidhm aige sin an tsuim a íocann an custaiméir a aistriú chuig cuntais ábhartha an tsoláthróra, i.e. an tsuim inchánach chuig gnáthchuntas an trádálaí; agus an tsuim CBL chuig cuntas CBL blocáilte an trádálaí. Is leis an duine inchánach na cistí atá sa chuntas CBL blocáilte. Mar sin féin, ní féidir na cistí a dhiúscairt ach amháin i ndáil leis an gcáin bhreisluacha atá dlite a íoc leis an údarás cánach nó i ndáil leis an gcáin bhreisluacha ó shonraisc a fhaightear ó sholáthróirí a íoc.

Trína fhorchur go n-íocfar an cháin bhreisluacha atá dlite le cuntas bainc CBL blocáilte de chuid an tsoláthróra, tá sé d'aidhm ag an mbeart an chalaois chánach i bhfoirm

[1] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle an 18 Feabhra 2019 lena -údaraítear don Pholainn beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 51, 22.2.2019, lgh. 19-27).

neamhíocaíocht dliteanais CBL arna déanamh ag soláthróirí earraí agus seirbhísí atá soghabhálach i leith na calaoise a chomhrac. Ós rud é nach féidir an tsuim CBL arna taisceadh ar chuntas CBL ar leithligh de chuid duine inchánach a úsáid ach amháin chun críoch srianta, eadhon chun an dliteanas CBL a íoc leis an údarás cánach nó chun an cháin bhreisluacha ar shonraisc a fhaightear ó sholáthróirí a íoc, is fearr a ráthú go bhfaighidh na húdaráis chánach an tsuim CBL iomlán ar cheart don duine inchánach í a aistriú i bhfabhar an Státchiste.

Beidh an sásra um íocaíocht dheighilte éigeantach i gcás ina mbeidh ítim amháin ar a laghad ann a shonraítear ar an sonrasc ar mó a méid comhlán iomlán (CBL san áireamh) ná PLN 15 000 agus i gcás ina dtagraíonn sí do na hearraí nó na seirbhísí atá soghabhálach i leith na calaoise a áirítear i raon feidhme an bhirt mhaolaithe a liostaítear san iarscríbhinn.

Cumhdaítear leis na soláthairtí sin earnálacha eacnamaíocha amhail cruach, fuíoll, trealamh leictreonach, ór, miotail neamhfheiriúla, breoslaí agus plaistigh, ar earnálacha iad a bhíodh faoi réir an tsásra aistrithe táillí go ginearálta agus faoi réir dliteanas comhpháirteach agus leithleach sa Pholainn sular cuireadh an íocaíocht dheighilte éigeantach chun feidhme (áiríodh an liosta soláthairtí atá le cumhdach leis an sásra um íocaíocht dheighilte san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle).

Tugann Poblacht na Polainne dá haire, ar theacht i bhfeidhm an 'mhaitrís rátaí CBL' nua, mar a thugtar uirthi, an 1 Iúil 2020, gur tháinig athrú ar an modh chun earraí agus seirbhísí a aicmiú chun an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte a chur i bhfeidhm, arb é a bhí i gceist leis an athrú sin Aicmiú Polannach Earraí agus Seirbhísí 2015 (PKWiU 2015) a chur in ionad Aicmiú Polannach Earraí agus Seirbhísí 2008 (PKWiU 2008). Leis an aistriú go PKWiU 2015, níor tháinig aon athrú ar raon feidhme na n-earraí agus na seirbhísí a chumhdaítear leis an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte de réir Chinneadh 2019/310. Maidir le raon feidhme na n-earraí agus na seirbhísí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2019/310, ba cheart a chur i dtábhacht go mbeidh sé sin bailí fós. I roinnt ítimí de PKWiU 2015, níor modhnaíodh ach siombailí an aicmithe staidrimh nó ainmneacha eagarthóireachta earraí agus seirbhísí i ndáil le PKWiU 2008, ar a bhfuil an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2019/310 bunaithe. Mar sin féin, níor tháinig aon athrú ar raon feidhme na n-earraí agus na seirbhísí a chumhdaítear leis an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte dá bharr sin. Ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2019/310 a thabhairt cothrom le dáta chun na hathruithe a rinneadh ar PKWiU 2008 le PKWiU 2015 a léiriú.

Ceanglaítear leis an mbeart maolaithe go n-áireofar ar aon sonrasc a eisítear chun earraí agus seirbhísí a sholáthar idir íocóirí CBL, laistigh de raon feidhme an tsásra um íocaíocht dheighilte, ráiteas speisialta lena ndearbhaítear go n-íocfar cáin bhreisluacha chuig cuntas bainc CBL blocáilte ar leithligh de chuid an tsoláthróra.

Faoi na rialacha ginearálta is infheidhme sa Pholainn, i gcás ina mbeidh barrachas ann de cháin ionchuir ar cháin aschuir arna sainaithint sa tuairisceán CBL ag an duine inchánach mar mhéid CBL inaisíoctha, déanfar an aisíocaíocht sin laistigh de 60 lá chuig gnáthchuntas an duine inchánach. Chun éifeachtaí na samhla íocaíochta deighilte ar shreabhadh airgid trádálaithe a laghdú, tá nós imeachta níos tapa beartaithe ag an bPolainn le haghaidh aisíoc an bharrachais cánach ionchuir. Arna iarraidh sin don duine inchánach, déanfar an aisíocaíocht laistigh de 25 lá. Mar sin féin, de réir na faisnéise a chuir an Pholainn ar fáil, déileáltar le hiarrataí den sórt sin laistigh de thréimhse ama i bhfad níos giorra (ós rud é go n-eascraíonn siad as an measúnú ar an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte, rinneadh cinneadh faoi na hiarratais ar chistí a scaoileadh laistigh de 16 lá le linn mhí na Nollag 2020).

Dar leis an bPolainn, níor cheart costas mór a bheith ar oibriú an chórais íocaíochta deighilte agus is dócha go mbainfidh an chuid is mó de na costais le cur chun feidhme an chórais, lena sheirbhísiú agus leis an gcuntas bainc a bhainistiú.

Tá an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte ar cheann de phríomhghnéithe na mbeart comhlántach a bhfuil sé d'aidhm acu calaois CBL a laghdú agus córas cánach na Polainne a nuachóiriú, ar bearta iad a thug an Pholainn isteach le blianta beaga anuas[2].

Agus an méid thuas á chur san áireamh, tá an Coimisiún den tuairim gur féidir torthaí éifeachtacha a bhaint amach sa chomhrac in aghaidh na calaoise cánach leis an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte le haghaidh soláthairtí earraí agus seirbhísí atá soghabhálach i leith na calaoise agus a liostaítear san Iarscríbhinn. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an maolú a dheonú amhail ón 1 Márta 2022 go dtí an 28 Feabhra 2025.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is féidir an maolú a údarú bunaithe ar Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL chun an nós imeachta um bhailiú cánach breisluacha a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc. D'iarr an Pholainn an beart maolaithe chun imghabháil cánach a chomhrac sna hearnálacha inar braitheadh calaois CBL le blianta anuas. Tá an maolú comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá ann cheana.

Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1105 ón gComhairle[3], údaraíodh don Iodáil maolú comhchosúil a leathnú chun an sásra um íocaíocht dheighilte a chur i bhfeidhm. Faoi chóras íocaíochta deighilte na hIodáile, íoctar an cháin bhreisluacha atá dlite leis an gcuntas CBL blocáilte ag na húdaráis chánach. Tá raon feidhme mhaolú na hIodáile teoranta do sholáthairtí d'údaráis phoiblí, d'eintitis a rialaíonn údaráis phoiblí agus do roinnt cuideachtaí a liostaítear ar an stocmhalartán.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

I bhfianaise fhoráil na Treorach maidir le CBL ar a bhfuil an togra bunaithe, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas.

---

2 Is iad seo a leanas na bearta nasctha is ábhartha: an Comhad Iniúchóireachta Aonair (JPK_VAT); an córas leictreonach chun sreafaí airgid a anailísiú (STIR); clár leictreonach na n-íocóirí CBL atá cruinn agus iontaofa (an Liosta Bán); an córas scipéad airgid ar líne chun faireachán a dhéanamh ar an earnáil miondíola; an mhaitrís rátaí CBL nua lenar simplíodh cur i bhfeidhm rátaí laghdaithe CBL agus lenar méadaíodh cinnteacht na ndaoine incháanach maidir le cur i bhfeidhm ceart na rátaí CBL trí thabhairt isteach na faisnéise maidir leis an ráta ceangailteach, ar cinneadh é a eisítear arna iarraidh sin don duine inchánach chun an ráta ceart a leagan amach le haghaidh earraí/seirbhísí; ardanailís a dhéanann an riarachán ioncaim ar mhórshonraí; an riarachán ioncaim a dhigitiú.

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1105 ón gComhairle an 24 Iúil 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/784 lena n-údaraítear do Phoblacht na hIodáile beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagail 206 agus 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 242, 28.7.2020, lgh. 4-6).

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát arna iarraidh sin dó féin agus níl aon oibleagáid ann.

Tá teorainn ama leis an maolú agus tá sé teoranta do sholáthairtí sonracha, tá an raon feidhme dírithe ar earnálacha lena mbaineann fadhbanna móra calaoise cánach.

I bhfianaise raon feidhme leathan an mhaolaithe, i gcás ina n-iarrfaidh an Pholainn síneadh a chur leis an mbeart speisialta, beidh tuarascáil le tíolacadh ag an bPolainn maidir le feidhmiú agus éifeachtacht an bhirt ar leibhéal na calaoise CBL agus ar na daoine inchánach (maidir le haisíocaíochtaí CBL, an t-ualach riaracháin, costais ar dhaoine inchánach etc.).

Dá bhrí sin, tá an beart speisialta comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, i.e. an imghabháil cánach a chomhrac agus an bailiú cánach a shimpliú.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

Faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar rialacha coiteanna CBL ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Is é Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir é a dhíriú chuig Ballstát aonair.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Pholainn agus baineann sé leis an mBallstát sin amháin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh aon ghá le saineolas seachtrach.

- **Measúnú tionchair**

Leis an togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, údaraítear don Pholainn maolú ar Airteagal 226 den Treoir maidir le CBL agus an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte a thabhairt isteach i ndáil le cáin bhreisluacha ar sholáthairtí sonracha earraí agus seirbhísí a íoc.

I gcomhréir le hAirteagal 2 de Chinneadh 2019/310, bhí sé d'oibleagáid ar an bPolainn tuairisciú don Choimisiún maidir le tionchar foriomlán an tsásra éigeantaigh um íocaíocht dheighilte ar leibhéal na calaoise CBL agus ar na daoine inchánach lena mbaineann laistigh de 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an bhirt dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh. Ós rud é go bhfuil feidhm ag an mbeart seo ón 1 Samhain 2019, cuireadh an tuarascáil thuasluaite faoi bhráid an Choimisiúin an 29 Aibreán 2021 agus chláraigh an Coimisiún í an 5 Bealtaine 2021.

Léirítear sa mheasúnú a rinne an Pholainn ar fheidhmiú an tsásra éigeantaigh um íocaíocht dheighilte go háirithe go bhfuil príomhbhearta eile chun imghabháil cánach a laghdú á gcomhlánú leis an mbeart seo.[4] Leis na bearta a cuireadh chun feidhme atá comhlántach leis

[4] Féach liosta na mbeart i bhfonóta 2

an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte, rannchuidíodh le scála na calaoise CBL a laghdú, lena n-áirítear an chalaois rothlach agus sracaí CBL. Thaifead an Pholainn crapadh mór ar an mbearna CBL a thit faoi mheán an Aontais laistigh de thréimhse ghearr ama. De réir mheastacháin Inneall Cuardaigh na Cartlainne Lárnaí le haghaidh an Choimisiúin Eorpaigh, thit sé go tuairim is 9.7 % in 2019 (rud a léiríonn laghdú 0.2 pointe céatadáin i gcomparáid le 2018)[5], cé gurbh ionann an bhearna CBL agus tuairim is 14 % in 2017. De dheasca na géarchéime eacnamaíche a d'eascair as an bpaindéim, tháinig meath nach beag ar an staid eacnamaíoch sa Pholainn in 2020 agus chuaigh an t-éileamh tomhaltais i laghad. Mar sin féin, tugtar le fios le réamh-mheastacháin na hAireachta Airgeadais a áiríodh i bPlean Airgeadais Ilbhliantúil an Stáit le haghaidh na mblianta 2021-2024 gur tháinig laghdú 1.3 pointe céatadáin eile ar an mbearna CBL le linn 2020 gan beann ar an gcúlú eacnamaíoch agus gur tuairim is 10.8 % de na hinsreafaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhí sa bhearna CBL sin.

Ní féidir leis an duine inchánach na cistí sa chuntas CBL blocáilte a dhiúscairt ach amháin má dhéantar sin chun cáin bhreisluacha atá dlite a íoc leis an údarás cánach nó cáin bhreisluacha a íoc a eascraíonn as sonraisc a fhaightear ó sholáthróirí a bhfuil tionchar acu ar shreabhadh airgid trádálaithe dá bhrí sin. Chun an tionchar diúltach a laghdú, i gcás ina mbeidh barrachas ann de cháin ionchuir ar cháin aschuir arna sainaithint ag na húdaráis chánach, tá nós imeachta níos tapa beartaithe ag an bPolainn le haghaidh aisíoc an bharrachais cánach ionchuir. Arna iarraidh sin don duine inchánach, déanfar an aisíocaíocht laistigh de 25 lá ón dáta a gcuirtear isteach an tuairisceán cánach, seachas 60 lá faoin ngnáthnós imeachta. Le linn réamhchéim an tsásra dheonaigh um íocaíocht dheighilte (dar tús an 1 Iúil 2018), ghlac sé 27.56 lá ar an meán ar na húdaráis chánach iarratas a phróiseáil agus, san am céanna, níor ghlac an nós imeachta céanna ach 15.90 lá i mí na Nollag 2020. Fágann sé sin go ndéanann na húdaráis chánach na hiarratais ar scaoileadh cistí a phróiseáil ar bhealach atá ag éirí níos éifeachtúla. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin le linn na staide atá ann faoi láthair de dheasca phaindéim COVID-19, le haghaidh gnólachtaí a bhfuil fadhbanna acu maidir le leachtacht leanúnach airgeadais.

Thairis sin, chuir an Pholainn i dtábhacht san iarraidh go dtabharfar tús áite dá áirithiú go ndéanfar aisíocaíochtaí cánach go héifeachtach agus go tráthúil. Leis sin, cuirfear dlús le haisíoc an bharrachais de cháin ionchuir ar cháin aschuir leis an gcuntas CBL ar théarmaí fabhracha laistigh d'uastréimhse 25 lá ón dáta a gcuirtear isteach an tsocraíocht (tuairisceán cánach).

Na soláthróirí nach bhfuil bunaithe sa Pholainn, cumhdaítear iad freisin leis an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte agus soláthairtí earraí nó seirbhísí á ndéanamh acu faoi réir na híocaíochta deighilte éigeantaí sa Pholainn. Ní mór do na trádálaithe sin cuntas bainc a choimeád a oibrítear de bhun Dhlí Baincéireachta na Polainne. Thuairiscigh an Pholainn don Choimisiún nach dtabhaíonn na trádálaithe neamhbhunaithe aon chostas breise a bhaineann leis an oibleagáid maidir leis an gcuntas bainc a oscailt sa Pholainn, ó tharla go mbeidh na daoine inchánach sin in ann an cuntas a oscailt agus a choimeád sa Pholainn saor in aisce. Mar atá faoi láthair, ní thabhaíonn na daoine inchánach nach bhfuil bunaithe sa Pholainn aon chostas breise i ndáil leis an oibleagáid maidir le cuntas bainc a oscailt sa Pholainn agus cuntas CBL a choimeád. Déantar foráil san Acht CBL maidir le córas speisialta cúiteamh i gcás ina ngearrfadh a mbainc táille ar na heintitis sin as na cuntais réamhluaite a choimeád. I gcás den sórt sin, aisíocann an t-údarás cánach inniúil na costais a tabhaíodh arna iarraidh sin don duine inchánach eachtrach.

5 Staidéar agus Tuarascálacha maidir leis an mBearna CBL sna 28 mBallstát AE 2020, Tuarascáil Chríochnaitheach, CASE – an Lárionad um Thaighde Sóisialta agus Eacnamaíochta (Ceannaire tionscadail) Meán Fómhair – 2020.

Buntáiste suntasach eile is ea nach féidir, mar riail, an smachtbhanna CBL, mar a thugtar air, a fhorchur i bhfoirm dliteanas CBL méadaithe ar na daoine inchánach a chuireann an sásra um íocaíocht dheighilte i bhfeidhm, ar dliteanas CBL é atá le suí ag an údarás cánach (coibhéiseach le 20 %, 30 % nó 100 % den difríocht idir an tsuim arna suí ag an údarás cánach agus an tsuim bhunaidh arna dearbhú go mícheart ag an duine inchánach). Thairis sin, ní féidir ús mainneachtana a ghearradh ar an bhfiontraí a chuireann an sásra um íocaíocht dheighilte i bhfeidhm as fiacha CBL ar ráta méadaithe (coibhéiseach le 150 %), ús a fabhraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe inar bhain sé úsáid as an sásra chun íoc as 95 % ar a laghad dá shonraisc cheannaigh.

Leis an lascaine, mar a thugtar uirthi, feabhsaítear leachtacht airgeadais na ndaoine inchánach a chuireann an sásra um íocaíocht dheighilte i bhfeidhm. Ceadaítear leis méid an dliteanais CBL a laghdú i gcás ina n-íocfar é ina iomláine ón gcuntas CBL roimh an dáta íocaíochta deiridh. Déantar méid na lascaine a ríomh de réir foirmle speisialta. Níor cheart drochthionchar a bheith ag an lascaine sin ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

Sular cuireadh an beart speisialta chun feidhme, tionscnaíodh 3,507 imeacht i ngeall ar chionta a bhaineann le sracaí CBL in 2018 agus tionscnaíodh 3,389 imeacht in 2019 (laghdú 118 n-imeacht ó bhliain go bliain). In 2020, nuair a tháinig an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte i bhfeidhm go hiomlán, tionscnaíodh 2,973 imeacht den sórt sin, i.e. 416 imeacht níos lú i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Sular tháinig an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte i bhfeidhm, PLN 5,168,779,146 a bhí i méid na gcaillteanas buiséid de dheasca an tsracaidh CBL in 2018 agus PLN 4,716,202,928 a bhí sa mhéid sin in 2019 (laghdú PLN 452,576,218 ó bhliain go bliain). PLN 3,533,646,348 a bhí sna caillteanais bhuiséid in 2020, i.e. PLN 1,182,556,580 níos lú i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (laghdú beagnach 25.1 %).

Sular cuireadh an beart maolaithe chun feidhme, 558 n-imeacht a bhí i líon na n-imeachtaí arna dtionscnamh a bhaineann le calaois rothlach CBL in 2018 agus 277 a bhí sa líon sin in 2019 (laghdú 281 imeacht ó bhliain go bliain). In 2020, nuair a bhí an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte i bhfeidhm, tionscnaíodh 207 n-imeacht den sórt sin, i.e. 70 imeacht níos lú i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Taifeadadh freisin le linn na tréimhse anailíse go raibh laghdú ag teacht de réir a chéile ar na caillteanais bhuiséid de dheasca calaois rothlach CBL arna sainaithint. Sular tháinig an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte i bhfeidhm, PLN 4,496,602,940 a bhí i méid na gcaillteanas buiséid faoi seach in 2018 agus PLN 2,468,437,745 a bhí sa mhéid sin in 2019 (laghdú PLN 2,028,165,195 ó bhliain go bliain). PLN 1,107,992,201 a bhí sna caillteanais sin in 2020, i.e. PLN 1,360,445,544 níos lú ná an bhliain roimhe sin (laghdú beagnach 55.1 %).

PLN 180,891.8 milliún a bhí san ioncam CBL in 2019 (méadú PLN 5,944.7 milliún i gcomparáid le 2018). Tugtar le fios sna réamhshonraí maidir le feidhmíocht bhuiséad an stáit in 2020 gur tháinig ardú ar an ioncam ón gcáin ar earraí agus ar sheirbhísí i gcomparáid leis na blianta roimhe sin gan beann ar leathadh phaindéim COVID-19. PLN 184,551.9 milliún a bhí san ioncam CBL in 2020 agus bhí an méid sin PLN 3,660.1 milliún (2 %) níos airde i gcomparáid leis an ioncam CBL in 2019, agus, dá réir sin, bhí sé PLN 9,604.8 milliún (5.5 %) níos airde i gcomparáid le 2018 (PLN 174,947.1 milliún).

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon tionchar diúltach ag an mbeart ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

## 5. EILIMINTÍ EILE

Tá clásal éagtha sa togra; teorainn ama uathoibríoch.

2022/0040 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 lena n-údaraítear don Pholainn beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 26 Iúil 2021, d'iarr an Pholainn údarú leanúint de mhaolú ar Airteagal 226 den Treoir maidir le CBL maidir le ceanglais sonrascaithe cánach breisluacha (CBL) agus an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte a thabhairt isteach le haghaidh soláthairtí earraí agus seirbhísí atá soghabhálach i leith na calaoise agus a chumhdaítear go ginearálta leis an sásra aistrithe táillí agus leis an dliteanas comhpháirteach agus leithleach sa Pholainn. D'iarr an Pholainn go gcuirfí síneadh leis an mbeart speisialta ar feadh tréimhse 3 bliana, ón 1 Márta 2022 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 395(2) den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 27 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an iarraidh a rinne an Pholainn. Le litir dar dáta an 28 Deireadh Fómhair 2021, thug an Coimisiún fógra don Pholainn go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.

(3) De bhun Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle[2], chuir an Pholainn tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir lena thionchar foriomlán ar leibhéal na calaoise CBL agus ar na daoine inchánach lena mbaineann le litir dar dáta an 29 Aibreán 2021.

(4) Cé go ndearna an Pholainn bearta éagsúla chun calaois a chomhrac (e.g. an sásra aistrithe táillí agus dliteanas comhpháirteach agus leithleach an chustaiméara a thabhairt isteach, an Comhad Iniúchóireachta Caighdeánach a thabhairt isteach, rialacha níos déine maidir le clárú agus díchlárú daoine inchánach le haghaidh CBL, líon méadaithe iniúchtaí, etc.), measann sí nach leor na bearta sin fós chun calaois CBL a chosc.

---

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle an 18 Feabhra 2019 lena n-údaraítear don Pholainn beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 226 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 51, 22.2.2019, lgh. 19-27).

(5) Thug an Pholainn isteach an sásra roghnach um íocaíocht dheighilte an 1 Iúil 2018 agus an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte an 1 Márta 2019.

(6) Liostaítear na hearraí agus na seirbhísí a thagann faoi raon feidhme an bhirt speisialta san Iarscríbhinn i gcomhréir le hAicmiú Polannach Earraí agus Seirbhísí 2015 (PKWiU 2015) a cuireadh in ionad Aicmiú Polannach Earraí agus Seirbhísí 2008 (PKWiU 2008) ón 1 Iúil 2020. In PKWiU 2015, modhnaíodh siombailí an aicmithe staidrimh agus ainmneacha eagarthóireachta earraí agus seirbhísí áirithe atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310. Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn sin a thabhairt cothrom le dáta agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur ina hionad.

(7) Leanfaidh an tsamhail éigeantach um íocaíocht dheighilte d'fheidhm a bheith aige maidir leis na soláthairtí idir daoine inchánach, le soláthairtí gnólacht le gnólacht (B2B), le hearraí agus seirbhísí a liostaítear san Iarscríbhinn agus ní chumhdófar léi ach aistrithe bainc leictreonacha. Leanfaidh an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte d'fheidhm a bheith aige maidir le gach trádálaí, lena n-áirítear na trádálaithe sin nach bhfuil bunaithe sa Pholainn.

(8) Deimhníodh sa tuarascáil a chuir an Pholainn isteach go mbaintear torthaí éifeachtacha amach sa chomhrac in aghaidh na calaoise cánach leis an sásra éigeantach um íocaíocht dheighilte le haghaidh soláthairtí earraí agus seirbhísí atá soghabhálach i leith na calaoise.

(9) Deonaítear maoluithe go ginearálta ar feadh tréimhse theoranta chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar cé acu atá an beart speisialta iomchuí agus éifeachtach nó nach bhfuil. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh a chur leis an mbeart speisialta go dtí an 28 Feabhra 2025.

(10) I bhfianaise raon feidhme leathan an mhaolaithe, i gcás ina n-iarrfar síneadh a chur leis an mbeart maolaithe, beidh tuarascáil le tíolacadh ag an bPolainn maidir le feidhmiú agus éifeachtacht an bhirt ar leibhéal na calaoise CBL agus ar na daoine inchánach (maidir le haisíocaíochtaí CBL, an t-ualach riaracháin, costais ar dhaoine inchánach etc.).

(11) Ní bheidh tionchar diúltach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bailíodh ag céim an tomhaltais deiridh agus ní bheidh aon drochthionchar aige ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 ón gComhairle a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/310 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'I gcás ina measann an Pholainn go bhfuil gá le síneadh a chur leis an mbeart dá dtagraítear in Airteagal 1, cuirfidh an Pholainn iarraidh ar shíneadh faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil maidir lena thionchar foriomlán ar leibhéal na calaoise CBL agus ar na daoine inchánach lena mbaineann'.

(2) in Airteagal 3, cuirtear an dáta '28 Feabhra 2025' in ionad an dáta '28 Feabhra 2022'.

(3) cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Polainne.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*